Seirbhís Leabharlainne Chill Dara

Beartas Forbartha Bailiúcháin

Aibreán 2024

Seirbhís Leabharlainne Chill Dara
Kildare Library Service

Clár na nÁbhar

Réamhrá 4

Forléargas Pobail 4

Fís: Straitéis Náisiúnta na Leabharlainne Poiblí: Is í an Leabharlann an Áit 2023-2027 5

Fís: Seirbhís Leabharlainne Chill Dara..... 5

Fís: Comhairle Contae Chill Dara..... 5

Seirbhís Áitiúil, Freastal Náisiúnta 6

Cuspóir an Bheartais Forbartha Bailiúcháin..... 6

Spriocanna an Bheartais 6

Staidéir Áitiúla..... 7

Sealbhú..... 7

Nós Imeachta Sealbhaithe..... 7

Ábhair Speisialaithe..... 7

Staidéir Áitiúla 8

Cartlann an Chontae..... 8

Údair Áitiúla 9

Beartas Roghnúcháin Ginearálta 9

Critéir Ghinearálta maidir le Roghnú 9

Critéir Roghnúcháin um Ríomhacmhainní 9

Catagóirí Stoic nach gCeannaítear 9

Freagracht as roghnú 10

Modhanna roghnúcháin & Sealbhaithe.....10

Díroghnú/Stocghlannadh 11

Díroghnú agus Staidéir Áitiúla 11

Ceisteanna Ginearálta 11

Bronntanais..... 12

Síntiúis do Staidéir Áitiúla..... 12

Cóipeanna Iolracha..... 12

Bailiúcháin na Leabharlainne 12

Ficsean 12

Neamhfhicsean 12

Leabhair Phictiúr..... 13

Ábhair i nGaeilge 13

Áiseanna Litearthachta do Dhaoine Fásta 13

Leabhair Léitheoireachta Grádaithe do Pháistí 13

Tacair Chlub Leabhar 13

Tacair Ranga 13
Cló Mór 14
Closleabhair 14
Teangacha Seachas Béarla agus Gaeilge 14
Irisleabhair 14
Irisí 14
Nuachtáin 14
DVDanna 15
Tagairt 15
Staidéir Áitiúla 15
Bailiúcháin Speisialta: 16
Éire Shláintiúil i do Leabharlann 16
Better Basics Boosting Reading 16
Bréagáin, Teicneolaíocht agus Oiliúint (TTT) 16
Spraoi uathfhoghlama 16
Ábhar Digiteach 16
Forbairt agus Oiliúint Foirne 17
Athbhreithniú ar an mBeartas 17

Réamhrá

Is ionann an polasaí seo agus ráiteas ar aidhmeanna agus ar mhianta Sheirbhís Leabharlainne Chill Dara. Cuirfidh sé treoir ar fáil don fhoireann maidir roghnú agus a dhíroghnú acmhainní bhailiúchán na leabharlainne.

I gcomhréir le príomhchuspóirí Straitéis Náisiúnta na Leabharlainne Poiblí, Is í an Leabharlann an Áit: Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid 2023-2027, bunóidh Seirbhís Leabharlainne Chill Dara beartais uile-sheirbhíse maidir le forbairt an bhailiúcháin agus sealbhú.

Is mian leis an tSeirbhís Leabharlainne rochtain ar acmhainní digiteacha a leathnú, lena n-áirítear ríomhleabhair agus acmhainní ar líne eile a chruthaíonn níos mó éagsúlachta níos i leith roghanna i ngach leabharlann.

Forléargas Pobail

Cuimsíonn Seirbhís Leabharlainne Chill Dara líonra de 15 bhrainse leabharlainne, seirbhísí staidéar áitiúil chomh maith le cartlann agus seirbhís leabharlainne shoghluaiste chun seirbhísí leabharlainne a chur ar fáil do dhaonra de 246,977 (Daonáireamh 2022).

Is bonn daonra suntasach laistigh den Stát é Cill Dara, agus is é an cúigiú limistéar údaráis áitiúil is mó daonra in Éirinn é. Dhúblaigh an daonra idir 1991 agus 2022. Agus é ag beagnach 37%, tá níos mó ná 80,000 duine óg (0-24 bliana d'aois) ina gcónaí i gCill Dara. Thar an 20 bliain eile atá le teacht, táthar ag súil le go méadóidh daonra Chontae Chill Dara faoi thart ar 18.6 faoin gcéad, ach go rachaidh sé in aois go suntasach, agus táthar ag súil go méadóidh líon na ndaoine atá 65 bliain d'aois nó níos sine go suntasach – ó 28,010 in 2016 go 59,000 in 2040.

De réir Shuirbhé Bhliantúil Chomhairle Contae Chill Dara ar Thaistealaithe, tá méadú tagtha ar líon na dteaghlach Taistealaithe sa chontae, ó 242 in 2016 go 379 in 2022. Mhéadaigh líon na ndé-shaoránach Éireannach ó 5,239 go 8,685 agus b'ionann saoránaigh neamh-Éireannacha agus 11% de dhaonra an chontae. Ó bhí mhí Feabhra 2023 ann, bhí 1,229 Úcráineach cláraithe mar chónaitheoirí i gContae Chill Dara. Bhí an líon daoine is mairde sa chontae ina gcónaí i LEAanna Mhaigh Nuad (227), an Náis (207) agus Dhroichead Nua (196).

Ba é 95,484 líon na ndaoine (trí bliana d'aois agus os a chionn) a dúirt go raibh siad in ann Gaeilge a labhairt i gCill Dara i gcomparáid le 85,426 in 2016. Laistigh den fhigiúr seo, dúirt 2,699 gur labhair siad Gaeilge go laethúil agus 5,857 gur labhair siad Gaeilge go seachtainiúil.

Tá ceann de na leibhéil is airde i ngnóthachtáil oideachasúil i measc daoine fásta in Éirinn le feiceáil i gContae Chill Dara. Tá codarsnacht ann idir limistéar cathrach thoir thuaidh Chill Dara - tá na leibhéil i bhfad níos airde sa cheantar seo ná mar atá i gcodanna eile den chontae. Tá na leibhéil is ísle de ghnóthachtáil oideachais taifeadta le sonrú i ndeisceart agus in iarthar an chontae, lasmuigh de na príomhbhailte.

Don bhliain acadúil 2022/23, bhí 101 bunscoil sa chontae agus níl stádas DEIS ach ag 15 acu. Tá 101 bunscoil phríomhshrutha san iomlán i gCill Dara ina bhfuil 29,290 mac léinn cláraithe in 2022/23. Díobh seo, is ionann na 15 scoil DEIS agus 4,139 de iomlán na daltaí bunscoile i gCill Dara (14.1%). Bhí 53,377 leanbh faoi bhun 15 bliana d'aois i gCill Dara i mí Aibreáin 2022. Bhí 17,808 (33%) díobh seo i gcúram leanaí. Feictear an ráta is ísle d'áiseanna cúraim leanaí pobail sa Stát (2021/21) i gCill Dara - tá

9 gcinn de na 189 (5%) seirbhís cúram leanaí (a sholáthraíonn clár ECCE) aicmithe mar sheirbhísí pobail.

Tá míchumas féindhearbhaithe ag beagán os cionn duine as gach ochtar (12.5% nó 27,778 duine) i gContae Chill Dara. Tá an figiúr seo níos mó ná cúig faoin gcéad déag i roinnt pobal tuaithe agus lonnaíochtaí beaga, go príomha i ndeisceart agus in iarthar an chontae.

Fís: Straitéis Náisiúnta na Leabharlainne Poiblí: Is í an Leabharlann an Áit 2023-2027

Tá Straitéis Náisiúnta na Leabharlann Poiblí, *Is í an Leabharlann an Áit: Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid 2023-2027*, forásach agus uaillmhianach maidir le leanúint lenár bpríomhsheirbhísí a fhorbairt lena n-áirítear léitheoireacht, litearthacht agus rochtain ar eolas. Tá gníomhartha straitéiseacha nua maidir le léitheoireacht agus litearthacht, leabharlanna do gach úsáideoir, foghlaim ar feadh an tsaoil, oidhreacht chultúrtha, an leabharlann mar lárionad an phobail, cuimsiú digiteach, inbhuanaitheacht agus tacú le gníomhút ar son na haeráide molta sa straitéis nua.

Tá téamaí straitéiseacha na straitéise ag teacht le cuspóirí beartais phoiblí ar fud an rialtais. Déanfaidh an beartas forbartha bailiúcháin seo;

- Leathnú an tionscnaimh um an gCeart chun Léitheoireachta a thacú,
- Clubanna leabhar do gach úsáideoir leabharlainne a thacú,
- Ábhair thacaíochta i nGaeilge a thacú,
- Cur leis an gclár náisiúnta nua “Scileanna don Saol”,
- Eolas a sholáthar faoi Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus faoi Phleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide,
- Bailiúcháin fhisiciúla agus dhigiteacha a fheabhsú, a chuirfidh rochtain a chur chun cinn in Éirinn agus thar lear,
- Bailiúcháin staidéar áitiúil a chur chun cinn.

Tá sé mar aidhm ag *Is í an Leabharlann an Áit: Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid 2023-2027* sprioc chaiteachais bhliantúil de **€4.00** in aghaidh gach duine sa tír a bhaint amach do leabharlanna poiblí i rith shaolré na straitéise náisiúnta seo. Tá infheistíocht bhliantúil leanúnach fós ag teastáil chun cáilíocht agus ábharthacht bhailiúcháin leabharlainne na hÉireann a chinntiú agus chun bailiúcháin dhigiteacha a leathnú. Is é **€2.24** in aghaidh an duine caiteachas bliantúil reatha Sheirbhís Leabharlainne Chill Dara.

Fís: Seirbhís Leabharlainne Chill Dara

Leagadh amach i **bPlean Forbartha Eatramhach Sheirbhís Leabharlainne Chill Dara 2020-2022, Aisghabháil, Athdhíriú, Athfhuinnmhú**, amach sé aidhm straitéiseacha a ligfeadh dúinn smaointeoireacht nua, nuálaíocht agus feabhsuithe leanúnacha ar sheirbhísí lárnacha a bhaint amach.

Chun críche an bheartais forbartha bailiúcháin seo, cuirtear béim ar thaighde, monatóireacht, athbhreithniú agus meastóireacht chun an tsamhail is fearr d’fhorbairt bailiúcháin a sholáthar trí ábhair chlóite thraidisiúnta, acmhainní closamhairc, acmhainní digiteacha agus teicneolaíochtaí.

Fís: Comhairle Contae Chill Dara

Tacaíonn Comhairle Contae Chill Dara le forbairt na seirbhíse leabharlainne agus tá sí tiomanta do chur i bhfeidhm na gcuspóirí agus na ngníomhartha atá i *bPlean Forbartha Eatramhach na Leabharlainne - Aisghabháil, Athdhíriú, Athfhuinnmhiú*.

Leanann an Chomhairle Contae ag obair i dtreo tacú le foghlaim agus le fostaíocht ar feadh an tsaoil le hinfheistíocht leanúnach i bhforbairt scileanna oideachais agus gnó mar chuid dá Straitéis Forbartha Eacnamaíochta. Tacaíonn Seirbhís Leabharlainne Chill Dara leis na cuspóirí atá i *bPlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029*, trí chláir chomhpháirtíochta, ag soláthar bailiúcháin leabharlainne agus cláir a chabhraíonn leis na cuspóirí seo a bhaint amach.

Ina theannta sin, úsáideann an beartas forbartha bailiúcháin *an Plean Corparáideach 2019-2024* agus *Plean Áitiúil Geilleagrach agus Pobail Chill Dara 2016-2021* (atá á nuashonrú faoi láthair) mar bhonn eolais chun treoir a fháil maidir le bailiúcháin a sholáthar a chinntíonn luach ar airgead i soláthar stoic trí úsáid a bhaint as dea-chleachtas agus as beartais náisiúnta soláthair a chomhlíonadh.

Seirbhís Áitiúil, Freastal Náisiúnta

Mar chuid den chatalóg chomhroinnte náisiúnta, den Chóras Bainistíochta Leabharlainne comhroinnte agus den tseirbhís dáilte chomhtháite ar fud na tíre, is féidir le Seirbhís Leabharlainne Chill Dara seirbhís áitiúil a sholáthar atá in ann freastal ar bhonn náisiúnta. Tá rochtain ag custaiméirí ar stoc leabharlainne i 330 brainseleabharlann ar fud na tíre.

Cuspóir an Bheartais Forbartha Bailiúcháin

Cruthaíonn an polasaí forbartha bailiúcháin seo an creat straitéiseach do na treoirlínte, na nósanna imeachta agus na cuspóirí uile maidir le sealbhú, bainistiú, coinneáil agus diúscairt an stoic leabharlainne atá i seilbh Sheirbhís Leabharlainne Chill Dara. Tugann sé treoirlínte gairmiúla do bhaill foirne.

Sainmhínítear stoc leabharlainne mar ábhair, i ngach formáid, a sholáthraíonn Seirbhís Leabharlainne Chill Dara lena n-úsáid ag an bpobal. Cinntíonn an beartas forbartha bailiúcháin go soláthraíonn an tseirbhís leabharlainne raon leathan ábhar i réimse formáidí chun freastal ar riachtanais oideachasúla, áineasa, chultúrtha agus eolais Mhuintir Chill Dara ar feadh a saoil.

Déanfar an polasaí forbartha bailiúcháin seo a mheas agus a athbhreithniú gach dara bliain chun ábharthacht a chinntiú agus chun forbairt agus oiriúnú a dhéanamh mar fhreagairt ar riachtanais athraitheacha shaoránaigh Chill Dara.

Spriocanna an Bheartais

Aithníonn Seirbhís Leabharlainne Chill Dara riachtanais siarathraitheacha ár n-iasachtaithe í. Tá sé mar aidhm againn freastal ar na riachtanais sin agus fanacht ábhartha maidir leis na formáidí agus an stoc a chuirimid ar fáil.

Is iad spriocanna an pholasaí seo:

- Cur chuige comhordaithe a fhorbairt maidir le forbairt bhailiúcháin na seirbhíse leabharlainne.
- Creat a sholáthar maidir le hábhair leabharlainne a roghnú, a fháil, a chur chun cinn agus a tharraingt siar.
- Rochtain a sholáthar ar bhailiúcháin a thagann le riachtanais agus le suimeanna gach ball den phobal agus na bailiúcháin sin a fhorbairt.

- Úsáid éifeachtach agus éifeachtúil na n-acmhainní atá ar fáil a chinntiú.
- A chinntiú go ndéantar meastóireacht rialta ar an mbailiúchán maidir le heolas reatha, cáilíocht, láidreachtaí, laigí agus clúdach ábhar.
- Tacú le clárú leabharlainne agus tionscnaimh náisiúnta.

Chun na spriocanna seo a bhaint amach, ní mór roinnt fachtóirí a chur san áireamh:

- An bailiúchán reatha
- Solúbthacht maidir le freastal ar shuimeanna agus ar riachtanais phobal nua agus ar riachtanais phobal athraitheach agus iad a shásamh.
- An clúdach atá ag teastáil ag smaoineamh ar an mbuiséad agus ar an spás atá ar fáil áireamh.
- Infhaighteacht ábhar ar bhonn náisiúnta tríd an gCóras Bainistíochta Leabharlainne comhroinnte.
- An gá atá le foilseacháin ó údair áitiúla agus ábhar ar stair áitiúil a chaomhnú.
- An dúshlán maidir le cothromaíocht a choinneáil idir acmhainní traidisiúnta clóite agus acmhainní digiteacha sa bhailiúchán agus a chinntiú go bhfuil modhanna seachadta cuí ar fáil.

Staidéir Áitiúla

Is é cuspóir fhorbairt Bhailiúchán na Staidéar Áitiúil gach teideal, idir shean agus nua, a fhoilsítear faoi Chill Dara, faoi mhuintir Chill Dara, agus faoi dhaoine arb as Cill Dara ó dhúchais iad, a fháil agus a choinneáil. Coinnímid na teidil seo go léir go deo ar mhaithe leis an ghlúin reatha agus na glúnta atá le teacht. Ar an gcaoi chéanna, coimeádtar teidil a bhaineann le hÉirinn go deo chun comhthéacs a chruthú don Bhailiúchán Staidéar Áitiúil bainteach le hÉirinn. Chun na teidil seo a chaomhnú, níl go leor acu ar fáil ar iasacht, ach tá siad ar fáil lena scrúdú i Staidéir Áitiúla.

Cartlann an Chontae

Tá sé mar aidhm ag Cartlann Chontae Chill Dara stair agus forbairt an chontae a bhailiú, a chaomhnú agus rochtain orthu a chur ar fáil trí na taifid phoiblí agus phríobháideacha atá ina seilbh. Tá sé mar aidhm ag an tseirbhís freisin a cuid sealúchas a mhéadú chun doiciméadú ar fhorbairt an chontae a chinntiú i dtéarmaí ábhar stairiúil, ailtireachta, geilleagrach, sóisialta, tionsclaíoch agus oideachais.

Faoi Alt 65 den Acht Rialtais Áitiúil (ar glacadh Alt 80 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 ina ionad ó shin), tá sé de dhualgas ar údaráis áitiúla foráil a dhéanamh maidir le bainistíocht, le cúram agus le caomhnú a gcartlann agus a dtaifead agus socruithe a dhéanamh le haghaidh rochtain phoiblí ar a gcartlanna.

Sealbhú

Faightear ábhair don tseirbhís leabharlainne ar na bealaí seo a leanas

Nós Imeachta Sealbhaithe

Ceanglaítear ar Sheirbhís Leabharlainne Chill Dara ábhair shonracha a cheannach ó na soláthraithe leabharlainne sin a n-éiríonn leo i dTairiscintí Soláthair na Leabharlainne Poiblí Náisiúnta.

Ábhair Speisialaithe

Ní féidir roinnt ábhar a cheannach trí Thairiscint Soláthair na Leabharlainne Poiblí Náisiúnta agus tá cistí lánroghnacha ar fáil do na hábhair seo.

Staidéir Áitiúla

Ceannaítear ábhair ar díol spéise áitiúil iad ar bhealaí agus ó sholáthraithe éagsúla. Ceannaítear ábhair thraidisiúnta Éireannacha agus ábhair áitiúla a bhfuil baint acu le Contae Chill Dara mar atá leagtha amach thuas. Ceannaítear ábhar leabhair neamhthraidisiúnta agus ábhar gearrshaolach a fhoilsítear nó a chruthaítear go háitiúil go minic ó sholáthraithe áitiúla, ó údair agus ó chumainn staire áitiúla, agus is féidir ábhar uathúil agus ábhar atá as cló a fháil ó sholáthraithe speisialaithe agus ó thithe ceantála.

Cartlann an Chontae

Taifid an Údaráis Áitiúil

Déantar ábhar cartlainne poiblí a shealbhú i gcomhréir leis na Beartas Náisiúnta Coinneála i leith Thaifid na nÚdarás Áitiúil
https://kildarecoco.ie/media/Guidance%20for%20Implementing%20the%20Revised%20National%20Retention%20Policy%20Schedules%20for%20Local%20Authorities.pdf

Tá na tréimhsí coinneála molta do thaifid údaráis áitiúil leagtha amach anseo agus tá treoir ann maidir leis an cheist: an ceart, ar dhul in éag do na tréimhsí coinneála sin, na taifid a scriosadh nó a aistriú chuig cartlann údaráis áitiúil? Féach Aguisín I.

Cartlanna Príobháideacha

Deir fo-alt (3) den Acht RA deireanach seo: '*Féadfaidh údarás áitiúil ábhar cartlainne is díol spéise áitiúla agus a bheidh i seilbh aon duine nó comhlachta eile (lena n-áirítear údarás áitiúil eile) a fháil trí cheannach, mar bhronntanas, mar thiomnacht nó ar iasacht agus cúram agus caomhnú an chéanna a ghabháil de láimh'*.

Tá ceanglas ar Cartlanna Údarás Áitiúil an leibhéal céanna cúram agus cosanta thabhairt do chartlanna príobháideacha a shealbhaíonn siad, agus atá riachtanach dá mbailiúcháin chartlainne féin. Ba cheart an cinneadh maidir le hábhar cartlainne príobháideach a fháil a bheith déanta de réir na Scéime um Cartlann a Shealbhú faoina mbíonn an cartlannaí roghnach agus ábhar á fháil aige trí mheasúnú a dhéanamh ar 'luach poiblí' an ábhair sin. De ghnáth, bíonn tosaíocht ag ábhair lámhscríbhinne thar bhailiúcháin chlóite (faigheann rannóg na Staidéar Áitiúil de chuid Sheirbhís Leabharlainne Chontae Chill Dara ábhair chlóite go gníomhach).

Má fhaightear cartlanna príobháideacha, ní mór don taisceoir comhaontú taisce a shíniú a leagann béim ar fhreagrachtaí an dá pháirtí agus a fheidhmíonn chun a leasanna a chosaint. De ghnáth, beidh aistriú iomlán úinéireachta i gceist le bronnntanais don Chartlann, lena n-áirítear cóipcheart, nuair is indéanta. Féach Aguisín II.

Déanfar ábhar a bhronntar a phróiseáil agus a chur ar fáil do thaighdeoirí de réir mar a cheadaíonn acmhainní. I gcás bailiúchán a aithníodh mar bhailiúcháin atá i seilbh phríobháideach, ach nach bhfuiul siad taiscithe sa Chartlann, d'fhéadfadh sé a bheith mar chuid den idirphlé leis an úinéir/na húinéirí cóip de mhíreanna tábhachtacha/ábhartha sa bhailiúchán a fháil trí úsáid a bhaint as atáirgíocht nó trí mhicreascannán.

Ní cheannaíonn Cartlann Chontae Chill Dara bailiúcháin seachas go bhfuil doiciméid thábhachtacha i gceist a bhfuil baint shuntasach acu le stair an chontae, doiciméid a d'fhéadfadh a bheith caillte don chontae murach sin. I gcás ina dtairgtear doiciméid lena ndíol a chomhlánaíonn nó a chuireann le

bailiúchán reatha atá faoi choimeád na seirbhíse cartlainne, déanfar iarracht na nithe sin a cheannach de réir mar is acmhainn don chartlann.

Donated material will be processed and made available to researchers as resources allow.

Údair Áitiúla

Nuair is féidir, ceannaítear saothair údar áitiúil trí na soláthraithe leabharlainne sin a n-éiríonn leo i dTairiscint Soláthair na Leabharlanna Poiblí Náisiúnta. Ina theannta sin, tá roinnt rogha ag an Leabharlannaí Sealbhaithe saothair a cheannach go díreach ó údair áitiúla nó ó shiopaí leabhar nuair nach bhfuil sé sin indéanta.

Beartas Roghnúcháin Ginearáilta

Tá sé mar aidhm ag Seirbhís Leabharlainne Chill Dara bailiúchán éagsúil agus cuimsitheach leabhar, DVDanna, cluichí, tréimhseachán agus acmhainní eile a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais oideachais, áineasa, chultúrtha agus eolais mhuintir Chill Dara ar feadh a saoil. Cuirfear srianta spáis agus srianta buiséid san áireamh agus stoc á roghnú lena cheannach.

Critéir Ghinearálta maidir le Roghnú

Ní mór d'acmhainní a mheastar iad lena roghnú ceann amháin nó níos mó de na critéir cháilíochta ghinearálta seo a leanas a chomhlíonadh:

- Oiriúnacht na fhormáide le haghaidh cúrsaíocht agus úsáid leabharlainne – méid cuí, ceangal buan, inléite.
- Teanga inrochtana atá oiriúnach don lucht léimh beartaithe.
- Praghas agus infhaighteacht, meáite de réir úsáid dhóchúil.
- Fiúntas liteartha.
- Caighdeáin arda cáilíochta maidir le cruinneas, cothroime le dáta agus soiléireacht eolais.
- Suim, ábharthacht agus tábhacht don lucht léimh beartaithe.
- Cumas bearna a líonadh, nó cur leis an mbailiúchán reatha.
- Suntas speisialta áitiúil, shóisialta nó stairiúil.
- Teidil ar ábhar nó le húdar a bhfuil spéis chultúrtha ann.
- Teidil a bhfuil duaiseanna buaite acu.
- Ábharthacht do láidreachtaí agus laigí an bhailiúcháin reatha.
- Teidil a bhfuil aird agus spéis léirithe ag criticeoirí, léirmheastóirí nó an pobal iontu.
- Ábhar níos sine a uasdátú agus a athsholáthar.

Critéir Roghnúcháin um Ríomhacmhainní

Cuirtear ríomhacmhainní ar fáil do Sheirbhís Leabharlainne Chill Dara faoin Tairiscint Náisiúnta um Acmhainní Ar Líne a Sholáthar do Leabharlanna Poiblí. Tá an rogha faoi theorann comhaontuithe ceadúnaithe foilsitheoireachta agus cearta iasachta digiteacha na soláthraithe a tairisceana. Faoi láthair, áirítear leis seo síntiúis do:

- Ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhar
- Nuachtáin leictreonacha
- Irisí leictreonacha
- Foghlaim teanga ar líne

- Cúrsaí oideachais ar líne

Ina theannta sin, tá raon acmhainní leictreonacha eile síntiúsbhunaithe ag Seirbhís Leabharlainne Chill Dara mar atá leagtha amach i mír a seacht. Seo a leanas na critéir maidir le hacmhainní ar líne síntiúsbhunaithe chun cur leis an tairiscint náisiúnta:

- Praghas iomaíoch
- Ar fáil go cianda
- Cuireann sé lenár mbailiúchán fisiceach reatha nó lenár raon gníomhaíochtaí leabharlainne
- Éasca le húsáid
- Mealltach do lucht léimh leathan thar raon aoiseanna

Déantar athbhreithniú bliantúil ar na hacmhainní uile maidir le húsáid agus scóip. D'fhéadfadh go ligfí do shíntiús dul in éag agus/nó go gcuirfí síntiúis ar sheirbhísí nua ar fáil.

Catagóirí Stoic nach gCeannaítear

Tá roinnt leabhar nach bhfuil oiriúnach le haghaidh iasacht phoiblí agus ní cheannófar iad. Áirítear leo na nithe seo a leanas:

- Leabhair atá beartaithe d'úsáideoir aonair e.g. leabhair oibre, dialann, leabhair dhathúcháin.
- Leabhair bhronntanais.
- Leabhair le ceangal scaoilte nó le ceanglann fáinneach seachas nach bhfuil aon rud eile ar fáil ar an ábhar.
- Leabhair a bhfuil míreanna breise acu e.g. cártaí tarot, clocha rúnscríbhinne, greamáin.
- Leabhair a bhfuil luach beag acu astú féin.
- Téacsleabhair.
- Leabhair speisialaithe a bhfuil spéis acadúil iontu.

Freagracht as Roghnú

Tá freagracht fhoriomlán ag an bhFoireann Shinsearach Bhainistíochta Leabharlainne agus ag an Leabharlannaí Sealbhaithe as ábhar agus as forbairt bhailiúchán na Seirbhíse Leabharlainne.

Déanann baill foirne sainainmnithe comhordú agus maoirseacht ar an bpróiseas roghnúcháin, le hionchur ó gach ball foirne leabharlainne agus ó bhaill den phobal. Tá an Leabharlannaí Sealbhaithe freagrach go príomha as maoirseacht a dhéanamh ar cheannach foriomlán an bhailiúcháin.

Tá ról láidir ag baill foirne na mbrainsí leabharlainne i gceannach dá mbrainsí agus is tríothu a ndéantar moltaí iasachtaithe maidir le ceannach. Déanfar moltaí a athbhreithniú agus tá siad faoi réir na ngnáthchritéar roghnúcháin mar atá leagtha amach thuas.

Tá Leabharlannaí na Staidéar Áitiúil agus a fhoireann tacaíochta freagrach as ábhar Staidéar Áitiúil a roghnú.

Modhanna Roghnaithe agus Sealbhaithe

Tá soláthar fhormhór na gcatagóirí ábhair faoi réir próiseas tairisceana. Úsáidtear réimse modhanna chun iad a fháil:

- Ordú ar líne trí shuíomhanna gréasáin díoltóirí.

- Orduithe ó liostaí míosúla soláthraithe leabharlainne.
- Orduithe seasta le haghaidh ábhar ar leith.
- Cuairteanna seomraí taispeántais chuig nó ó sholáthraithe leabharlainne.

Díroghnú/Stocghlanadh

Ní féidir cáilíocht agus scóip an bhailiúcháin a chothabháil ach amháin trí mheasúnú gairmiúil leanúnach. Is próiseas leanúnach é ábhair leabharlainne a dhíroghnú agus is í freagracht bhaill foirne na leabharlainne í agus iad ag gníomhú i gcomhréir leis na critéir seo a leanas.

- Damáiste nó droch-riocht fisiciúil lena n-áirítear múscán, damáiste uisce, smálú, leathanaigh stróicthe nó scaoilte.
- Ábhair atá as dáta nó ábhair ghearrshaolacha.
- Easpa cúrsaíochta.
    - Íosmhéid 18 mí nó níos mó le haghaidh ficsean do dhaoine fásta.
    - Íosmhéid 24 mí nó níos mó le haghaidh neamhfhicsin (Braitheann sé ar an ábhar. Is ball foirne sinsearach sa suíomh sin a dhéanfaidh an cinneadh deiridh).
    - Íosmhéid 18 mí le haghaidh ficsean do dhaoine fásta óga.
    - Íosmhéid 24 mí nó níos mó le haghaidh ábhar do pháistí.
- Measúnú ar ábharthacht oideachais, áineasa agus eolais.
- Eagrán níos déanaí ina ionad agus/nó infhaighteacht ábhar ábhair níos cothroime le dáta.
- Infhaighteacht in áit eile.
- Infhaighteacht spáis seilfe agus/nó stórála.
- Cóipeanna de ábhar nár tógadh amach ar iasacht ar feadh bliain amháin.
- Ábharthacht do scóip bailiúcháin speisialta.
- Molfar ábhair a bhfuil móréileamh orthu nó a bhfuil spéis leanúnach iontu le hathsholáthar.

Díroghnú agus Staidéir Áitiúla

Aon neamhfhicsin, a bhaineann le hÉirinn nó le Cill Dara, atá á bhreithniú le haghaidh díroghnaithe i mbrainsí na leabharlainne, ba chóir é a sheoladh chuig Leabharlannaí na Staidéar Áitiúil a dhéanfaidh an cinneadh deiridh. Ar an gcaoi chéanna, aon ábhar atá á bhreithniú le haghaidh le údar a rugadh i gCill Dara, nó a a bhfuil cónaí air/uirthi i gCill Dara (ficsean nó neamhfhicsin) ba chóir é a sheoladh chuig Leabharlannaí na Staidéar Áitiúil a dhéanfaidh an cinneadh deiridh.

Forchoimeádann Leabharlannaí na Staidéar Áitiúil an ceart teidil shonracha a iarraidh ó bhrainsí leabharlainne Chill Dara lena gcur i mbailiúchán na Staidéar Áitiúil.

Ceisteanna Ginearálta

Tá sé de cheart agus de dhualgas ar an leabharlann bailiúchán a chur ar fáil a léiríonn speictream iomlán dearcthaí an phobail. Ní roghnófar ábhar bunaithe ar aon cheadú nó mí-cheadú a bhfuiltear ag súil leis, ach ar na critéir roghnúcháin liostaithe amháin, agus d'fhonn freastal ar shuimeanna an phobail ar fad.

Is í freagracht a gcaomhnóirí, seachas foireann na leabharlainne, treoir a thabhairt do leanaí agus do dhéagóirí maidir lena na roghanna, agus a chinntiú go gcomhlíonann na hábhair a roghnaítear a riachtanais. Léirítear an dearcadh seo i nósanna imeachta do leanaí agus déagóirí a thógann ballraíocht amach leis an tseirbhís leabharlainne ina nglacann tuismitheoirí nó caomhnóirí freagracht

as ábhar a fhaigheann siad ar iasacht nó as seirbhísí leabharlainne a úsáideann an leanbh nó an déagóir.

Bronntanais

Níl Cill Dara in ann glacadh le bronntanais. Mar sin féin, i gcásanna áirithe, cuirfear ar leataobh é seo i gcás bronntanas de leabhair atá foilsithe i dteanga eile.

Baineann na critéir thíos le stoc a fhaightear iad mar bhronntanais:

- Ní mór go mbeadh an stoc i riocht fisiciúil maith
- Ní mór an t-eolas a bheith cothrom le dáta agus ábhartha
- Míreanna atá luachmhar do bhrainse aonair

Déantar measúnú ar thairiscintí ábhar ar an mbonn seo. Forchoimeádann an tSeirbhís Leabharlainne an ceart diúltú d'ábhar nach gcomhlíonann na critéir seo. Forchoimeádann an tSeirbhís Leabharlainne an ceart freisin cinneadh a dhéanamh faoi úsáid na n-ábhar uile a bhronntar. Áirítear leis seo a suíomh má chuirtear iad le Bailiúchán na Leabharlainne.

Brontannais do Staidéir Áitiúla

Féadfar bronntanais do Staidéir Áitiúla a ghlacadh de réir mar is cuí dar leis an Leabharlannaí Staidéar Áitiúil. Glactar leo ar an tuiscint go dtugtar iad saor in aisce agus gan choinníollacha. Cinnfidh an Leabharlannaí Staidéir Áitiúla glacadh, aicmiú, seilfeáil, rochtain agus diúscairt na mbronntanas.

Forchoimeádann an tSeirbhís Leabharlainne an ceart chun aon ábhair den sórt sin a dhiúscairt go freagrach mura bhfuil gá leo, tráth ar bith. Áirítear leis seo an ceart iad a thairiscint d'aon chomhlacht eile a mheastar a bheith oiriúnach nó an ceart chun iad a athchúrsáil.

Cóipeanna Iolracha

Féadfar cóipeanna de theidil a cheannach chun freastal ar éileamh iarbhír nó ar éileamh a bhfuiltear ag súil leis i roinnt réimsí de réir srianta buiséid. Ní féidir dúbláil fhorleathan a dhéanamh agus ní mheastar gur freagracht na seirbhíse leabharlainne í.

Bailiúcháin na Leabharlainne

Ficsean

Cuirtear ficsean ar fáil do gach aoisghrúpa i mBéarla agus i dteangacha eile. Áirítear le ficsean raon leathan seánraí, ficsean móréilimh, sárleabhair, agus saothair a bhfuil bhuaigh duaiseanna, i gcló, i bhformáid leabhar labhartha agus ríomhleabhar. Déanfar roinnt cóipeanna de theidil choitianta a cheannach chun freastal ar éileamh. Faightear úrscéalta grafacha chun freastal ar na daoine ar fearr leo an fhormáid seo.

Neamh-Fhicsean

Tá sé mar aidhm ag an mbailiúchán neamhfhicsin tacú le riachtanais oideachasúla, áineasa, chultúrtha agus eolais mhuintir Chill Dara ar feadh an tsaoil agus iad a spreagadh i mBéarla agus i dteangacha eile. Déanfar neamhfhicsin i gcló, i mbformáid closleabhair agus ríomhleabhair a mheas. Clúdóidh ábhair do leanaí, do dhéagóirí agus do dhaoine fásta raon leathan ábhar, leibhéal

litearthachta agus ábhar intleachtúil. Déanfar roinnt cóipeanna do theidil choitianta a fháil chun freastal ar éileamh.

Déanfar saothair theicniúla, dhlíthiúla agus leighis a mheas maidir le costas cuí, oiriúnacht agus ábhar d'úsáideoirí beartaithe. Baineann sé seo le téacsanna gairmiúla freisin. Ní chuirfear téacsleabhair agus ábhair a bhaineann le curaclam ar fáil ach amháin i gcás ina bhfreastalaíonn na hábhair ar an bpobal i gcoitinne nó i gcás ina soláthraíonn siad eolas nach bhfuil ar fáil ar bhealach eile. Tá an fhreagracht as téacsleabhair agus ábhair taighde a sholáthar do mhic léinn ar an institiúid oideachais ina bhfuil siad cláraithe, ach cuirfidh an leabharlann phoiblí ábhair ar fáil a shaibhríonn agus a chuireann le riachtanais tagartha agus áineasa mac léinn de gach aois.

Leabhair Phictiúr

Tá leabhair chairtchláir, scéalta gan focail, scéalta le léamh do pháistí, leabhair ABC agus coincheapa agus leabhair a phléann le saincheisteanna íogaire mar chuid den bhailiúchán. Tá an bhéim ar léaráidí ardchaighdeáin agus ar théacs ina bhfuil ceangal cuí idir an téacs agus an léaráidí chun an scéal a insint.

Ábhair i nGaeilge

Ceannaíonn an leabharlann teidil fhicsin agus neamhfhicsin Gaeilge ar ábhar spéise ginearálta iad i bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear pacáistí foghlama teanga. Cuirtear béim ar acmhainní a chabhróidh le foghlaimeoirí Gaeilge ag gach leibhéal, i bhfoirm cúrsaí agus ábhar léitheoireachta aineasa ginearálta araon.

Áiseanna Litearthachta do Dhaoine Fásta

Tacaíonn na hábhair litearthachta do dhaoine fásta le foghlaimeoirí fásta chun scileanna litearthachta a fhorbairt agus Béarla a fhoghlaim. Ceannaítear na hábhair seo de réir threoir na Gníomhaireachta Náisiúnta Litearthachta do Dhaoine Fásta (ANLA) agus Bhoird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann (BOOI).

Leabhair Léitheoireachta Grádaithe do Leanaí

Tá an bailiúchán seo dírithe ar léitheoirí nua agus cruthaíonn sé conair aistrithe don léitheoir neamhspleách nua ó leabhair phictiúr go ficsean do pháistí. Tá gach cineál scéalta san áireamh, chomh maith le roinnt ábhar neamhfhicsin, agus béim ar leabhair ghearra ina bhfuil an cló mór agus soiléir agus léaráidí a chuireann leis an scéal. Tá leabhair ina bhfuil stór focal níos dúshlánaí san áireamh freisin, a fhágann léitheoirí nua ag mothú go bhfuil rud fiúntach bainte amach acu agus a spreagann iad chun leanúint le scéalta níos faide agus níos substaintiúla.

Tacair Chlub Leabhar

Ceannaíonn an tseirbhís leabharlainne réimse teidil um chlubanna leabhar gach bliain lena gcur ar iasacht do chlub leabhar leabharlainne agus clubanna leabhar áitiúla. Tá 12 chóip aonair den teideal céanna i dtacar club leabhar. Ní bhíonn níos mó ná tacar amháin de theideal againn. Níl na teidil seo ar fáil le tabhairt ar iasacht do chontaetha eile.

Tacair Ranga

Cuireann Seirbhís Leabharlainne Chill Dara tacair de 35 leabhar ar fáil do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna atá lonnaithe i gCill Dara. Níl na teidil seo ar fáil tabhairt ar iasacht do chontaetha eile.

Cló Mór

Cuirtear leabhair i gcló mór ar fáil do chustaiméirí ar fearr leo ábhair ina bhfuil cló-aghaidh níos mó. Tá ficsean agus neamhfhicsin sa bhailiúchán. Níl sa bhailiúchán ach saothair i mBéarla mar gheall ar cad atá ar fáil ar an margadh.

Closleabhair

Cuirtear closleabhair ar fáil i bhformáid CD agus i bhformáid seinnteora MP3 do chustaiméirí ar fearr leo éisteacht le leabhair. Ceannaítear teidil ficsean agus neamhfhicsin araon. Tugtar tús áite d'ábhair neamhghiorraithe. Níl sa bhailiúchán ach saothair i mBéarla agus roinnt i nGaeilge mar gheall ar cad atá ar fáil ar an margadh.

Teanga Seachas Béarla & Gaeilge

Cuireann na bailiúcháin seo ábhair ar fáil chun freastal ar riachtanais chustaiméirí ó chúlra nach labhraíonn Béarla, agus na custaiméirí sin atá ag foghlaim teanga nua. Braitheann líon na mbailiúchán teanga a choimeádtar, agus cainníocht na n-ábhar atá á gcoimeád ar dhá chritéar:

- Infhaighteacht ábhair, go háitiúil agus thar lear araon.
- Gluaiseachtaí daonra i gContae Chill Dara.

Irisleabhair

Cuirtear irisleabhair ar fáil do pháistí, do dhéagóirí agus do dhaoine fásta. Déantar athbhreithniú bliantúil ar an liosta síntiús, agus baineann na critéir ghinearálta roghnúcháin, chomh maith le critéir sonracha amhail:

- Minicíocht na foilsitheoireachta
- Comhsheasmhacht na foilsitheoireachta
- Iontaofacht seachadta
- Infhaighteacht trí acmhainní leictreonacha

Braitheann an tréimhse a choimeádfar cóipeanna de theideal ar a riocht fisiciúil, minicíocht na foilsitheoireachta, ábhar agus spás. Tá síntiús ag an leabharlann freisin le haghaidh raon teidil irisí ar líne trí shíntiúis an bhunachair shonraí.

Irisí

Tá síntiúis ag an tseirbhís leabharlainne ar líon beag irisí liteartha chomh maith le hirisí Staidéar Áitiúil de réir mar a roghnaíonn an Leabharlannaí Staidéar Áitiúil iad.

Nuachtáin

Coinnítear réimse leathan nuachtán le léamh sa leabharlann. Cuirtear samplaí de nuachtáin náisiúnta agus áitiúla ar fáil. Coinnítear páipéir ar feadh tréimhse suas le mí amháin agus ansin faightear réidh leo. Clúdaíonn síntiús náisiúnta ar líne na leabharlainne go leor nuachtán, lena n-áirítear nuachtáin laethúla áitiúla agus náisiúnta chomh maith le réimse leathan nuachtán idirnáisiúnta. Tá The Leinster Leader, The Liffey Champion agus The Kildare Nationalist curtha i gceangal agus is cuid bhuan iad de bhailiúchán na Staidéar Áitiúil. Cuireann an Roinn Staidéar Áitiúil rochtain saor in aisce ar fáil ar bhunachair shonraí síntiúis amhail Cartlann Nuachtán na hÉireann agus Cartlann Nuachtán na

Breataine. Eagraíonn Leabharlannaí na Staidéar Áitiúil rochtain oscailte leanúnach saor in aisce ar nuachtán an Kildare Observer freisin.

DVDanna

Is í aidhm bhailiúchán na DVD tacú le riachtanais eolais, oideachasúla, chultúrtha agus áineasa daoine de gach aois. Nuair is féidir, déanann an tseirbhís leabharlainne iarracht DVDanna a fháil a bhfuil feidhm fhotheideal acu chun cabhrú le daoine lagéisteachta nó le daoine atá ag foghlaim teanga. Bailítear roinnt teideal ceoil freisin, lena n-áirítear ceolchoirmeacha. Is féidir cóipeanna iolracha a cheannach do ábhar a bhfuil móréileamh ard air.

Tá an bailiúchán srianta ag paraiméadair bhuiséid agus infhaighteacht. Faightear scannáin bheochana do leanaí freisin.

Tagairt

Tá ábhar ardchaighdeáin sa bhailiúchán tagartha ó thaobh ábhair, formáide agus léirithe de agus is féidir é a bheith ar fáil i bhformáidí éagsúla. Déantar an bailiúchán fisiciúil a nuashonrú go rialta chun na saothair thagartha is déanaí agus/nó is fearr atá ar fáil a chur ar fáil. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach bhfuil go leor saothar tagartha caighdeánach á bhfoilsiú i gcóip chrua a thuilleadh. Is cuid shuntasach den bhailiúchán Tagartha iad acmhainní ar líne.Í Seirbhís Leabharlainne Chill Dara síntiús le Encyclopaedia Britannica.

Staidéir Aitiúla

Is cuid dhílis de Sheirbhís Leabharlainne Chill Dara í Roinn na Staidéar Áitiúil. Tá sé ag croílár thaighde na staire áitiúla staraithe agus do dhíograiseoirí araon i gContae Chill Dara. Cuimsíonn an bailiúchán acmhainní príomhúla tábhachtacha chomh maith le bailiúchán fairsing d'ábhar foinse tánaisteach atá tiomnaithe do stair Chontae Chill Dara. Cé go ndéantar iarrachtaí an t-ábhar reatha go léir a fhoilsítear a bhailiú, táthar ag iarraidh ábhar níos sine, atá as dáta, a chur leis an mbailiúchán freisin. Foilsítear cuid den ábhar ar shuíomh gréasáin na Leabharlainne mar acmhainní ar líne agus mar áiseanna taighde, agus coinníonn an Roinn blag gréasáin chun ábhar ón mbailiúchán a fhoilsiú agus ar an gcaoi sin béim a chur ar luach an bhailiúcháin: http://www.kildare.ie/ehistory/

Chomh maith le nuachtáin stairiúla digitithe (féach Nuachtáin thuas), éascaíonn Roinn na Staidéar Áitiúil rochtain ar Find My Past. Tá ábhar digiteach, lena n-áirítear ríomhleabhair/íomhánna digitithe/ábhar closamhairc, á chur le bailiúcháin na Roinne Staidéar Áitiúil.

Cartlann an Chontae

Tá taifid an rialtais áitiúil, mar aon le páipéir phríobháideacha agus ábhar lámhscríbhinne a bhaineann le Contae Chill Dara, ag Cartlann Chontae Chill Dara. Tabhair faoi deara nach bhfuil roinnt bailiúcháin, nó codanna de bhailiúcháin, ar fáil do thaighdeoirí mar nach bhfuil siad catalógaithe go fóill nó go bhfuil caomhnú ag teastáil uathu.

Áirítear ar na bailiúcháin i gCartlann Chontae Chill Dara:

- Taifid phoiblí (i.e. taifid gach comhlacht údaráis áitiúil sa chontae) i ngach formáid mheáin.
- Bailiúcháin phríobháideacha (páipéir daoine aonair agus eagraíochtaí a léiríonn fás agus forbairt an chontae) i ngach formáid mheáin, lena n-áirítear:
    - Páipéir eastáit.
    - Taifid ghnó.

- Bailiúcháin aturnaetha.
- Taifid bhunscoile.
- Taifid clubanna agus cumann.

Bailiúcháin Speisialta:

Tá Seirbhís Leabharlainne Chill Dara tiomanta do bhailiúcháin speisialaithe a thacú agus a fhorbairt chun cur le clárú cultúrtha agus oideachasúil ardchaighdeáin a chuirtear ar fáil ar fud Chontae Chill Dara. Tacaíonn bailiúcháin speisialaithe le seachadadh litearthachta, uimhearthachta, forbartha léitheoireachta, gnó, fostaíochta agus sláinte i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara náisiúnta agus áitiúla.

Éire Shláintiúil i do Leabharlann

Is í Éire Shláintiúil, ar tionscnamh atá faoi stiúir an Rialtais í , an straitéis náisiúnta d'fhonn sláinte agus folláine a fheabhsú, í dírithe ar chosc, ar fheasacht aonair agus ar dhaoine a choinneáil sláintiúil ar feadh níos faide. Tá bailiúchán cuimsitheach leabhar ar shláinte agus folláine ar fáil i ngach leabharlann phoiblí agus iad roghnaithe ag gairmithe cúram sláinte.

Better Basics Boosting Reading

Is clár feabhsúcháin léitheoireachta é Better Basics Boosting Reading atá ceaptha chun tacú le scileanna léitheoireachta i measc daltaí bunscoile a bhfuil cúnamh breise ag teastáil uathu chun a léitheoireacht a fheabhsú ach nach bhfaigheann tacaíocht foghlama phríomhshrutha.

Bréagáin, Teicneolaíocht agus Oiliúint (TTT)

Tá an bailiúchán ceaptha chun tacaíocht a thabhairt do leanaí agus do dhaoine fásta a bhfuil deacrachtaí foghlama, míchumais nó riachtanais níos suntasaí acu. Agus é lonnaithe i Leabharlanna Bhaile Átha Í, Léim an Bhradáin agus an Náis, is féidir rochtain a fháil saor in aisce ar an mbailiúchán speisialaithe seo de bhréagáin, bogearraí agus teicneolaíocht chúnta i mbrainsí ar fud an chontae agus is féidir é a fháil ar iasacht nó a úsáid trí chlárú in aon leabharlann i gCill Dara. Is féidir míreanna sa chatalóg a iarraidh nó a athnuachan ar líne agus is féidir leis an iasachtaí iad a bhailiú ón leabharlann brainse is gaire dóibh. Tá ballraíocht saor in aisce d'aon duine a bhfuil cónaí orthu, a oibríonn nó a fhreastalaíonn ar scoil i gContae Chill Dara. Roghnaíonn foireann Sheirbhís Leabharlainne Chill Dara an bailiúchán i gcomhpháirtíocht le teiripeoirí atá ag obair sa phobal.

Spraoi Luathfhoghlama

Is rogha teideal é bailiúchán Spraoi Luathfhoghlama, iad grúpáilte faoi cheithre théama churaclam na réamhscoile, Aistear. Tá siad ar fáil le haghaidh iasachta go heisiach d'Ionaid Luathfhoghlama atá lonnaithe i gCill Dara agus do mhúinteoirí Naíonán Sóisearach agus Sinsearach i mBunscoileanna atá lonnaithe i gCill Dara. Tá leabhair i ngach tacar a thacaíonn leis na ceithre théama. Is féidir iad a fháil ar iasacht ar feadh tréimhse 6 seachtaine. Tá an bailiúchán seo faoi athbhreithniú faoi láthair.

Ábhar Digiteach

Tagann agus cuireann acmhainní breise ar líne go maith leis an stoc fisiceach atá ar fáil ar fud líonra na mbrainsí. Cinntíonn an modh seachadta seirbhíse seo huaireanta oscailte reatha na leabharlainne a fhadú agus baintear leas as na meáin shóisialta agus as teicneolaíocht shoghluaiste chun seirbhísí a sheachadadh san áit agus ag an am is áisiúla dár gcustaiméirí. Íocann Seirbhís Leabharlainne Chill Dara as réimse acmhainní agus ábhar tagartha ar líne faoi láthair, go neamhspleách nó mar chuid den chuibhreannas náisiúnta. Is féidir rochtain a fháil ar na hacmhainní seo go cianda trí naisc ar ár suíomh

gréasáin, www.kildarecoco.ie/Library/OnlineServices/ nó sa bhrainse ar PC rochtana poiblí. Cuibhreannas Digiteach Náisiúnta:

- BorrowBox – ríomh-chlosleabhair agus ríomhleabhair.
- PressReader – bunachar sonraí nuachtán.
- Libby – irisí ar líne.
- Transparent Languages – foghlaim ar líne do suas le 80 teanga.
- Universal Class – foghlaim ar líne do na céadta cúrsa.

Síntiúis Sheirbhísí Leabharlainne Chill Dara féin:

- Encyclopaedia Britannica – leagan sóisearach, caighdeánach agus ardleibhéil.
- Vision-net – eolas faoi chuideachtaí Éireannacha agus RA.**
- Cartlann Nuachtán na hÉireann & Cartlann na Nuachtán Radacach ar fáil sna leabharlanna brainse lánaimseartha.**
- Cartlann Nuachtán na Breataine & Find My Past ar fáil sna leabharlanna brainse lánaimseartha.**
- Eagraíonn an Leabharlannaí Staidéar Áitiúil rochtain oscailte saor in aisce ar Irisí digitithe Chumann Seandálaíochta Chontae Chill Dara agus ar nuachtán an Kildare Observer.**

***** rochtain sa bhrainse amháin*.**

Forbairt agus Oiliúint Foirne

Tá Seirbhís Leabharlainne Chill Dara tiomanta d'oiliúint reatha agus chuí a chur ar fáil do bhaill foirne na leabharlainne ag gach leibhéal maidir le taighde, forbairt agus ceannach bailiúchán agus i réimsí eile bainistíochta stoic amhail díroghnú.

Tá an Leabharlannaí Staidéar Áitiúil ar fáil chun oiliúint a chur ar fáil do bhaill foirne na leabharlainne i dtaighde agus in acmhainní staire áitiúla, lena n-áirítear sealúchais na Roinne Staidéar Áitiúil.

Athbhreithniú Beartais

Cabhróidh na treoirlínte seo le foireann Sheirbhís Leabharlainne Chill Dara feasacht agus breithiúnas gairmiúil a chur i bhfeidhm maidir le hábhair leabharlainne i bhformáidí éagsúla a roghnú, a shealbhú, a chaomhnú, a choimeád agus a dhíroghnú ina dhiaidh sin.

Déanfar an Beartas Forbartha Bailiúcháin a mheas gach dara bliain agus déanfar athbhreithniú air de réir mar is gá chun treoir a sholáthar maidir le hathruithe ar an mbailiúchán amach anseo a chur i bhfeidhm.

Aguisín I

Is éard atá i dtaifid na Comhairle eolas taifeadta, beag beann ar an bhformáid, a chruthaigh nó a fuair oifigigh agus fostaithe na Comhairle agus iad i mbun feidhmeanna oifigiúla a chomhlíonadh thar ceann na Comhairle, agus a choimeádtar mar fhianaise ar a heagraíocht, a feidhmeanna, a beartais, a cinntí, a nósanna imeachta, a hoibríochtaí, agus a hidirbhearta inmheánacha nó seachtracha.

D'fhéadfadh taifid a bheith in aon fhoirm fhisiciúil nó meán, lena n-áirítear páipéar nó leictreonach. Sa chomhthéacs seo, agus i gcomhréir le tiomantas na Comhairle d'oscailteacht, do thrédhearcacht agus do chuntasacht, cuireann Cartlann Chontae Chill Dara san áireamh na ceanglais reachtúla bainistíochta agus coinneála taifead sa reachtaíocht seo a leanas:

Achtanna Rialtais Áitiúil, 1994 agus 2001

Cosnaíonn Alt 80 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, cosaint thaifid agus chartlann údarás áitiúil agus glacann sé ionad Acht 1994 (Alt 65) gan mórán athruithe.

Deir an tAcht: '*is feidhm de chuid údaráis áitiúil é socruithe a dhéanamh maidir le bainistiú, coimeád, cúram agus caomhnú cuí taifead áitiúil agus cairteanna áitiúla agus maidir le hiniúchadh cairteanna áitiúla ag an bpobal*'.

Sainmhínítear taifid áitiúla, faoin Acht, atá ar fáil lena n-iniúchadh ag an bpobal a luaithe a bheidh siad 30 bliain d'aois, mar seo a leanas: '*leabhair, léarscáileanna, pleananna, líníochtaí, páipéir, comhaid, grianghraif, scannáin, micreascannáin agus taifid mhicreagrafacha eile, taifeadtaí fuaime, taifid phictiúrtha, téipeanna maighnéadacha, dioscaí maighnéadacha, dioscaí optúla nó físdioscaí, taifid mheaisín-inléite eile, ábhar doiciméadach nó próiseáilte eile arna ndéanamh nó arna bhfáil ag údarás áitiúil, agus a bheidh ar seilbh ag údarás áitiúil, i gcúrsa a ghnó nó mar chomharba d'aon chomhlacht eile, agus folaíonn sé cóipeanna d'aon taifid den sórt sin a dhéantar go cuí*'.

An Rialacháin Ginearálta um Chosaint Sonraí agus An Acht Cosanta Sonraí 2018

Tá smacht daoine aonair ar a sonraí pearsanta féin agus ar na críocha ar a bhféadfar na sonraí sin a úsáid treisithe ag an Acht um Chosaint Sonraí 2018, lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Tá béim leagtha sa rialachán béim ar thrédhearcacht, ar shlándáil agus ar chuntasacht rialaitheoirí agus próiseálaithe sonraí. Cinntíonn RMS go ndéantar taifid ina bhfuil sonraí phearsanta, i ngach formáid, a shainaithint agus a choinneáil i gcomhréir le prionsabail an RGCS a leagann amach bailiú, próiseáil, coinneáil, úsáid, nochtadh agus díothú deiridh sonraí pearsanta.

An Acht um Shaoráil Faisnéise 2014

Dé réir a chéile meastar gur ceart bunúsach saoránachta í rochtain ar fhaisnéis, agus léirítear é seo i gcorpas leathan reachtaíochta a fhorálann rochtain phoiblí ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí. Tugann an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 an ceart do gach duine rochtain a fháil ar thaifid atá i seilbh comhlachtaí poiblí, agus an ceart faisnéis oifigiúil a bhaineann leo a leasú i gcás ina bhfuil sí neamhiomlán, mícheart nó míthreorach.

Mhol an Coimisinéir Faisnéise ina Thuarascáil ar an Acht um Shaoráil Faisnéise – Comhlíonadh ag Comhlachtaí Poiblí 2001 go mbeadh córas bainistíochta taifead cuí i bhfeidhm chun oibriú an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997, a éascú. 'Ba chóir do gach comhlacht poiblí polasaí bainistíochta taifead a cheapadh agus a fhoilsiú lena gcumhdaítear cruthú, cothabháil agus díothú taifead. Ba chóir go mbeadh sé mar chuspóir ag an mbeartas a chinntiú go ndéantar gníomhaíochtaí agus cinntí na gcomhlachtaí poiblí a thaifeadadh go leordhóthanach. Ba chóir do gach comhlacht poiblí freagracht a

shannadh ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí chun a chinntiú go dtugtar an tosaíocht chuí d'fhorbairt agus do fheabhsú bainistíochta taifead'.

Sainmhíníonn Alt 2 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 taifead mar:

(a) leabhar nó ábhar scríofa nó clóite eile i bhfoirm ar bith (lena n-áirítear in aon fheiste leictreonach nó i bhfoirm mheaisín-inléite),

(b) léarscáil, plean nó líníocht,

(c) diosca, téip nó feiste mheicniúil nó leictreonach eile ina gcorpraítear sonraí seachas amharcíomhánna ionas gur féidir, le cúnamh nó gan cúnamh trealaimh mheicniúil nó leictreonaigh éigin eile, iad a atáirgeadh ón diosca, ón téip nó ón bhfeiste eile,

(d) scannán, diosca, téip nó feiste mheicniúil nó leictreonach eile ina gcorpraítear amharcíomhánna ionas gur féidir, le cúnamh nó gan cúnamh trealaimh mheicniúil nó leictreonaigh éigin eile, iad a atáirgeadh ón scannán, ón diosca, ón téip nó ón bhfeiste eile, agus

(e) cóip nó cuid d'aon ní a thagann faoi réim mhír (a), (b), (c) nó (d)

Acht um Phleanáil agus Forbairt, 2000

Pléann Alt 38 (5) den Acht um Phleanáil agus Forbairt, 2000, le hinfhaighteacht doiciméad a bhaineann le hiarratais phleanála agus is ceann de bheagán na bhforálacha reachtacha atá i bhfeidhm a thagraíonn go sonrach do choinneáil taifead é. Baineann fo-alt 5 den Acht le coinneáil iarratais phleanála. '*Ag deireadh na tréimhse le haghaidh doiciméid dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a bheith ar fáil, coinneoidh údarás pleanála cóip bhunaidh amháin ar a laghad de gach ceann de na doiciméid sin i gcartlann áitiúil de réir alt 65 den Acht Rialtais Áitiúil, 1994*'.

Reachtaíocht agus rialacháin ábhartha eile:
An tAcht um Thráchtáil Leictreonach, 2000
An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997
An tAcht Chomhionannas Fostaíochta, 1998 & An tAcht um Chomhionannas, 2004
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003

Aguisín II

Comhaontú Taisce

Déantar an COMHAONTÚ TAISCE SEO (an "Comhaontú") an XX lá de XXXX 2023 (an "Dáta Éifeachta")

IDIR:

Cartlann Chontae Chill Dara, a bhfuil a hoifig chláraithe f/c Sheirbhís Leabharlainne Chill Dara, Bruach na hAbhann, An Phríomhshráid, Droichead Nua, Co. Chill Dara ("An Chartlann");

AGUS

XXXXX a bhfuil seoladh aige/aici XXXXXX ("An Taisceoir").

de bhrí: -

1. Go bhfuil an Taisceoir i dteideal go hiomlán ar na hítimí go léir atá liostaithe sa Sceideal a ghabhann leis seo
2. A mhéid atá said ar marthain fós, tá an Taisceoir i dteideal na gcóipchearta uile atá ann i ndáil na míreanna uile atá sa Sceideal sin, cibé acu is saothair bhunaidh leis an Taisceoir iad nó nach ea, agus gur leis an Taisceoir na cóipchearta sin.
3. Gur mian leis an Taisceoir go ndéanfar na hítimí go léir a chuimsítear sa Sceideal sin a choinneáil agus a chothabháil go cuí i gcónaí agus gur iarr an Taisceoir ar an gCartlann glacadh leo.
4. Gur chuir an chartlann in iúl don Taisceoir go bhfuil sí toilteanach glacadh le sannadh na míreanna uile sa Sceideal sin agus iad a choinneáil agus a chothabháil chomh maith agus is féidir leis.

Anois, leis an gComhaontú seo, de bhun an Chomhaontaithe sin agus i gcomaoin an chéanna, déanann an Taisceoir leis seo úinéireacht iomlán ar na hítimí ata leagtha amach sa sceideal a ghabhann leis seo, seacha na cearta cóipchirt go léir atá ar marthain nó a d'fhéadfadh teacht chun a bheith ar marthain sna hítimí seo go léir nó in aon cheann acu, a aistriú chuig an gcartlann d'fhonn go mbeidh an Chartlann ina húinéir iomlán ar hítimí sin ach gan í a bheith i dteideal go hiomlán cóipchirt aon cheann atá ann sna míreanna sin go léir.

Ina theannta sin, comhaontaítear leis seo idir na páirtithe go bhféadfaidh an Chartlann, más rud é go gcinnfidh an Chartlann aon tráth nach díol spéise cartlannaíochta é aon cheann de na hítimí tar éis di an ítim sin a bhreithniú go cúramach trína scrúdú, aon ítim den sórt sin a dhiúscairt dá rogha féin gan aon chumarsáid eile leis an Taisceoir.

Comhaontaítear leis seo idir na páirtithe go bhfuil an taisceadh lena mbaineann sé seo faoi réir choinníollacha an chomhaontaithe taiscithe a bhfuil gach ceann acu i gceangal leis seo.

Dá Fhianú sin, shínigh Ionadaí an Taisceora a ainm agus shínigh Ionadaí na Cartlainne a ainm deara a Séala Coiteann lena ngreamú ar an lá agus sa bhliain is túisce atá scríofa anseo.

Síniú:_____ Sínithe: _____

Ar son agus thar ceann Chartlann Chontae Chill Dara

Finné:_____ Finné: _____

Coinníollacha an Chomhaontaithe Taisce

1. Deonú

1.1 Ní mór do dheontóirí a chinntiú go bhfuil an ceart acu doiciméid a bhronnadh nó a thaisceadh.

1.2. Déantar úinéireacht ar dhoiciméid a bhronntar ar Chartlann Chomhairle Chontae Chill Dara a aistriú ón Deontóir chuig an gCartlann.

1.3. Más cuí, déanfaidh an Deontóir na socruithe maidir le sannadh cóipchirt chuig an gCartlann.

2. Buanchoimeád agus Caomhnú

2.1 Coinneoidh an Chartlann gach bailiúchán faoi na coinníollacha slándála céanna a bhaineann le taifid oifigiúla na Cartlainne.

2.2 Cinnteoidh an Chartlann go stórálfar an bailiúchán faoi na coinníollacha comhshaoil céanna a bhaineann le taifid oifigiúla na Cartlainne, agus déanfaidh sí iarracht cloí le PD 5454:2012 Treoir maidir le stóráil agus taispeántas ábhar cartlainne, BS 4971:2017 Caomhnú agus cúram bailiúchán cartlainne agus leabharlainne agus le *Caighdeáin um Fhorbairt Seirbhísí Cartlainne in Éirinn*.

2.3 Déanfaidh an Cartlannaí an bailiúchán a liostáil agus a shocrú agus cuirfear cóip den liosta ar fáil don Taisceoir. I gcás bailiúchán an-mhór, d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé tamall sula bhféadfar fardal a ullmhú. Déanfaidh cartlannaithe cáilithe nó daoine atá ag obair faoi mhaoirseacht ghairmiúil na taifid a liostáil, de réir mar a cheadaíonn acmhainní. Seolfar cóip den liosta chuig an taisceoir saor in aisce. Fanfaidh cóipcheart i ngach catalóg agus áis aimsithe leis an tseirbhís cartlainne. Féadfar uimhreacha tagartha catalóige a scríobh le peann luaidhe ar dhromchla taifead aonair chun críocha aitheantais agus slándála.

2.4 Déileálfar le doiciméid a bhfuil deisiú nó ceangal ag teastáil uathu de réir an Liosta Caomhnaithe arna dhréachtú ag an gCartlannaí faoi réir infhaighteacht acmhainní.

2.4 Forchoimeádann an Chartlann an ceart cóipeanna a dhéanamh de dhoiciméid taiscthe, agus iad seo a chur ar fáil do léitheoirí chun na bunchóipeanna a chosaint. Ní dhéanfar na cóipeanna ach nach mbíonn aon tionchar ag an modh cóipeála ar chaomhnú an doiciméid agus tar éis cead an Taisceora a fháil. Is leis an gCartlann na cóipeanna seo.

2.5 De réir reachtaíocht reatha cóipchirt, féadfaidh an Chartlann taifid a chóipeáil chun críocha caomhnaithe nó slándála i micreafhoirm nó i bhfoirm dhigiteach.

2.6 Glacfaidh an Chartlann gach réamhchúram réasúnta atá comhoiriúnach le rochtain phoiblí a éascú, chun na taifid a chaomhnú ó dhamáiste, ó chaillteanas nó ó ghoid agus ó bhreisithe nó ó

leasuithe calaoiseacha ach ní bheidh sí faoi dhliteanas thar seo don taisceoir as aon damáiste dóibh nó as caillteanas nó goid le linn na tréimhse taiscthe.

3. Rochtain

3.1 Faoi réir aon srianta arna gcomhaontú idir an Taisceoir agus an tseirbhís chartlainne agus faoi réir aon fhorálacha reachtúla nó dlí coiteann, cuirfear na taifid ar fáil don phobal. Trí chomhaontú sonrach idir an taisceoir agus an tseirbhís chartlainne, ba cheart srianta a chur ar rochtain phoiblí ar thaifid aonair shonraithe.

3.2 Déantar doiciméid a tháirgeadh ar mhaithe le staidéar amháin i Limistéar Léitheoireachta de réir mar a bheidh sainithe ag Cartlann Chontae na Chill Dara.

3.3 Tabharfar rochtain do léitheoirí a bhfuil na Rialacha agus na Treoirlínte maidir le láimhseáil taifead leite acu agus a bhfuil Foirm Iarratais ar Ábhar Cartlainne comhlánaithe acu ar foirm í ina n-airítear gealltanas maidir leis na rialacha sin a chomhlíonadh.

3.4 Ní féidir aon rochtain ar bhailiúcháin a thabhairt go dtí go ndéanfar na bailiúcháin a liostú. Féadfaidh an Deontóir nó an Taisceoir, nó duine atá ainmnithe acu, rochtain a fháil ar a gcuid bailiúchán roimh liostú. Laistigh de chúig bliana ó thaisceadh an bhailiúcháin, cheadaófaí aon iarratas réasúnta ar rochtain ar ábhar don Taisceoir ar an tuiscint go ndéanfaí cóipeanna digitithe i gcás nach mbeadh ach cóip bhunaidh amháin den mhír a iarradh ann.

3.5 Féadfar uimhreacha tagartha catalóige a scríobh i bpeann luaidhe ar dhromchla taifead aonair chun críocha aitheantais agus slándála.

3.6 Beidh rochtain ag úsáideoirí ar bhailiúchán tar éis liosta a ullmhú ina leith, ach sin faoi réir aon srianta maidir le príobháideachas nó caomhnú. Ní féidir na taifid a fhoilsiú ach amháin le comhaontú úinéir an chóipchirt.

3.7 Féadfaidh an Taisceoir, i gcomhairle leis an gCartlannaí, rochtain ar thaifid airithe a thoirmeasc ar feadh tréimhse ama.

4. Atáirgeadh agus Taispeáint

4.1 Beidh sé de rogha ag an gCartlann cóipeanna de thaifid a sholáthar d'úsáideoirí i gcomhair staidéir phríobháideach amháin agus i gcomhréir leis an dlí reatha maidir le cóipcheart, mura rud é go bhfuil sé sin toirmiscthe ag an Taisceoir.

4.2 Tá sé de cheart ag an tseirbhís chartlainne taifid thaiscthe a fhoilsiú go hiomlán nó go páirteach ina foilseacháin féin gan cead a lorg roimh ré ón taisceoir ach le haitheantas cuí a thabhairt don Taisceoir.

4.3 Aistreofar an fhreagracht as toiliú a thabhairt do bhaill den phobal chun taifid ón mbailiúchán a fhoilsiú chuig an tSeirbhís Cartlainne ach tabharfar aitheantas cuí don Taisceoir.

4.4 Beidh sé de rogha ag an gCartlannaí a údarú go ndéanfar taifid a bhaint go sealadach ón gCartlann go ceann tréimhse uasta bliana i gcomhair taispeántais nó oibre caomhnaithe nó ar chúiseanna bailí eile.

4.5 Féadfaidh an Chartlann taifid nó cóipeanna díobh a thabhairt ar iasacht do institiúidí cuí eile ach ní dhéanfar é sin ach amháin i gcás inar deimhin leis an gCartlann go dtabharfar aire chuí dhaingean do na taifid sin agus/nó go bhfuil socrú déanta maidir le hárachas cuí nó slánaíocht chuí in aghaidh chaillteanais nó damáiste.

Sceideal an Comhaontaithe Taisce

Sceideal XXXX arna dtaisceadh XXXXXX le Cartlann Chontae Chill Dara, Seirbhíse Leabharlainne Chill Dara.

Uimhir Thagartha an Bhailiúcháin.: KCC/KCA/XXXXXXX